# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Meitheamh 2022 – Hijos de Moisés Rodríguez González v EUIPO – Éire agus Ornua (La Irlandesa 1943)**

**(Cás T-306/20)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh La Irlandesa 1943 – Cúiseanna le neamhbhailíocht iomlán – Dearbhú neamhbhailíochta ó Ard-Bhord Achomhairc méadaithe EUIPO – Fianaise a cuireadh isteach den chéad uair os comhair na Cúirte Ginearálta – Dáta ábhartha le scrúdú a dhéanamh ar dearbhfhorais neamhbhailíochta – Trádmharc de chineál a chuirfeadh dallamullóg ar an bpobal – Airteagal 7(1)(g) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009) (anois Airteagal 7(1)(g) de Rialachán (AE) 2017/1001) – Meon mímhacánta – Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 (Airteagal 59(1)(b) de Rialachán 2017/1001)***

(2022/C 318/46)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Hijos de Moisés Rodríguez González, SA (Las Palmas de Gran Canaria, an Spáinn) (ionadaí: J. García Domínguez, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: A. Folliard-Monguiral, D. Hanf agus E. Markakis, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Ard-Bhord Achomhairc EUIPO*: Éire

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Ard-Bhord Achomhairc EUIPO, idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta*: Ornua Coperative Ltd (Baile Átha Cliath, Éire) (Ionadaithe: E. Armijo Chávarri agus A. Sanz Cerralbo, Dlíodóirí)

**Maidir le:**

Lena chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ó Ard-Bhord Achomhairc Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 2 Márta 2020 (Cás R 1499/2016-G) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Hijos de Moisés Rodríguez González, SA na costais a íoc.

---

[1] IO C 247, 27.7.2020.